

Cuntas Leithreasa 2018

Vóta 9

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 9, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile atá á riar ag an Oifig sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí i gcabhair i leith caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €3.701 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 6 mar chuid den chuntas.

Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Maidir leis na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta chun cuntais leithreasa a ghiniúint, mar atá leagtha amach ag Ciorclán 24 de 2018 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuireadh i bhfeidhm iad in ullmhú an chuntais leis na heisceachtaí sa liosta anseo.

Sócmhainní caipitiúla: feithiclí agus trealamh

Tá feithiclí gafa atá leithreasaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh sna sócmhainní caipitiúla ag luach an mhargaidh oscailte ag am an leithreasaithe agus déantar iad a dhímheas ag ráta 20% sa bhliain ar bhonn líne dírí.

Dímheastar cuitéar na gCustam ag ráta 5% sa bhliain de réir mhodh na líne dírí.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais

Adhmaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Cheann Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an Chomhaontaithe Bainistithe Seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí roinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litreacha dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a chur ar fáil.

Is mar seo a leanas atá an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta um riarachán, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann.

- Déantar freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socrúithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá coiste iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus bainistiú tuairiscithe

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Folaíonn sé seo na heilimintí seo a leanas

- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht ardbhainistíochta
- déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- tá córais ann a dhíríonn ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a chinntiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha, agus
- tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitiúla iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh d'Oifig na Coimisinéirí Ioncaim. Folaíonn na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú

- struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim
- scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na tionchair a mbíonn éifeacht acu ar riosca, amhail an Bhreatimeacht
- córas pleanála straitéisí/gnó chomhtháite agus bainistithe riosca a dhéanann athbhreithnithe rialta ar rioscaí ag an leibhéal Eagraíochtúil, Rannóige agus Brainse, agus
- modheolaíochtaí bainistíochta tionscadail do na tionscadail shuntasacha uile.

Neamhchomhlíontacht le rialacha soláthair

Déanann an Oifig cinnte go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontacht leis na treoirlínte ábhartha a chinntiú. I 2018, chloígh an Oifig le treoirlínte náisiúnta agus le rialacháin an AE seachas an méid seo a leanas

- €2.141 milliún a bhaineann le conarthaí slándála. D'eascair an mhoill maidir le mionchomórtais a reáchtáil faoi chreat nua (bunaithe i mí na Samhna 2016) de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) mar gheall ar an am a bhí ag teastáil chun riachtanais a mheas ar bhonn náisiúnta thar shuíomhanna éagsúla. Cuireadh conarthaí nua i bhfeidhm i mí na Nollag 2018 (Féach Nóta 2.8).
- €1.037 milliún i leith conarthaí trádstórála. Reáchtáil an OSR comórtas tairisceana i 2018 le haghaidh an conradh chun an Trádstórais Stáit a bhainistiú. Níor éirigh soláthraí a cheapadh tríd próiseas tairisceana an OSR agus cuireadh comórtas tairisceana nua, á reáchtáil ag na Coimisinéirí Ioncaim, i gcrích go rathúil agus bhí conradh nua i bhfeidhm ar 1 Bealtaine 2019.
- Suim €765,000 a bhaineann le seirbhísí éagsúla lena n-áirítear, i measc seirbhísí eile, teileafónaíocht shoghluaiste agus cártaí breosla. Tá na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil leis an OSR d'fhonn creataí OSR nua agus reatha a úsáid agus próisis soláthair a bhaint amach nuair is cuí.
- Suim €527,000 a bhaineann le conarthaí fadtéarmacha le haghaidh seirbhísí teileafónaíochta. Leanann na Coimisinéirí Ioncaim orthu ag oibriú i dtreo deireadh a chur de réir a chéile le teileafónaithe seachtracha a úsáid. Cuirfeadh deireadh leis na conarthaí teileafónaithe reatha le héifeacht ó 30 Meán Fómhair 2019.

Is é polasaí m'Oifige leas a bhaint as na creataí lárnacha uile atá ar fáil chomh luath agus atá infheidhmithe, agus caidreamh a bhunú leis an Oifig um Sholáthar Rialtais sa chás go mbíonn riachtanais níos sainiúla againn. Beidh rialuithe i bhfeidhm chun comhlíontacht a chinntiú leis an straitéis seo.

Iniúchóireacht inmheánach agus an coiste iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir Cairt Iniúchóireachta Inmheánaí scríofa fhoirmiúil. Bonn eolais dá chuid oibre is ea an anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an oifig neamhchosanta orthu, agus tá a chuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig seo trína n-aithnítear agus trína dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí atá á dtógáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus dá mhéad is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí ar bun trína n-aithnítear na príomhrioscaí don Oifig seo agus rinneadh iad seo a shainiú, a mheas agus a ghrádú de réir a ndóchúlachta agus a dtionchair. Sonraítear sa Chlár Rioscaí na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí a mhaolú agus tá siad seo comhtháite isteach i bpróiseas pleanála straitéisí agus gnó na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca (RMC) an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil agus cuireann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) ar an taifead é. Cuireann an Coiste san áireamh chomh maith aiseolas a fhaightear ó na Bainisteoirí Rannóige nuair atá cinneadh á dhéanamh ar chóir athruithe a dhéanamh do thosaíocht nó rangú riosca.

Tá Aonad Cosanta Sonraí ar bun a bhfuil freagracht aige as bainistiú agus riar foriomlán cosanta sonraí sna Coimisinéirí Ioncaim. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ann chomh maith arb é a bpríomhról comhlíontacht a chinntiú leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus polasaithe cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don MAC, nuair is cuí, go tráthúil. Deimhníim go bhfuil príomhríosaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig seo le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Bonn eolais d'obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha é monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus tá lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Oifig seo freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deacrachtaí rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2018 atá le nochtadh sa chuntas leithreasa.

Niall Cody

Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

18 Meán Fómhair 2019

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam leis An Garda Síochána agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Cuirim ar d'aird an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais ina nochtar gur thaibhig na Coimisinéirí Ioncaim caiteachas suntasach i rith 2018 maidir le hearraí agus seirbhísí nár chomhlíon na socrúithe soláthair na treoirlínte maidir le soláthar. Leagtar amach sa ráiteas seo, chomh maith, na bearta a ndeachaigh na Coimisinéirí Ioncaim ina mbun chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a tháinig chun solais.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

20 Meán Fómhair 2019

Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Cuntas Leithreasa 2018

		2018	2017
		Soláthar meastacháin €000	Toradh €000
Caiteachas cláir			
A	Riar agus bailiú cánacha, dleachtanna agus bainistiú teorann	425,500	410,874
Caiteachas comhlán		425,500	410,874
<i>Lúide</i>			
B	Leithreasuithe i gcabhair	68,621	71,153
Glancaiteachas		356,879	339,721

Barrachas

Maidir le barrachas na suime a soláthraíodh atá os cionn na glansuime a fheidhmítear, tá sí faoi réir géillte don Státchiste.

	2018	2017
	€	€
Barrachas le géilleadh	3,701,000	3,420,000

Niall Cody

Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

27 Márta 2019

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2018

	2018	2017
	€000	€000
Pá	302,969	293,808
Neamhphá	121,820	117,066
Caiteachas comhlán	424,789	410,874
<i>Lúide</i>		
Leithreasuithe i gcabhair	71,611	71,153
Glancaiteachas	353,178	339,721
Athruithe i sócmhainní caipitiúla		
Ceannacháin in airgead tirim	(27,124)	
Dímheas	17,744	
Diúscairtí in airgead tirim	27	
Cailteanas ar dhiúscairtí	7	
	(9,346)	(3,096)
Athruithe i nglansócmhainní reatha		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	2,682	
Laghdú ar stoc	149	
	2,831	581
Caiteachas díreach	346,663	337,206
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glancaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (in airgead tirim) (nóta 1.1)	118,916	109,918
Cíosanna barúlacha (neamhairgead tirim)	11,431	9,936
Glanchostas cláir	477,010	457,060

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 9 a tabháiódh in áit eile agus suimeanna a íoctar i leith an Vóta maidir le seirbhísí eile.

	2018	2017
	€000	€000
Vóta 12, Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	103,982	94,061
Vóta 13, Oifig na nOibreacha Poiblí	18,434	18,825
Vóta 18, Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	607	744
	<hr/>	<hr/>
	123,023	113,630
Costais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		
Seirbhísí a sholáthair na Coimisinéirí gan mhuirear ^a	m (4,107)	(3,712)
	<hr/>	<hr/>
	118,916	109,918

Tabhair do d'aire ^a Chomh maith le seirbhísí gan mhuirear (€4.107 milliún) a dhéantar do Vótaí eile léirithe anseo, cuireadh seirbhísí ar luach thart ar €1.199 milliún ar fáil gan mhuirear do chomhlachtaí gan vóta.

m Tugann 'm' le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

Nóta 2 Ráiteas Maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

	Nóta	2018 €000	2017 €000
Sócmhainní caipitiúla	2.2	84,514	75,748
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	9,037	9,687
Stoic	2.4	1,221	1,370
Réamhíocaíochtaí		11,422	13,231
Ioncam fabhráithe		2,354	1,884
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	3,510	2,613
Iomlán na sócmhainní reatha		27,544	28,785
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhráithe		5,072	4,274
Ioncam iarchurtha		63	113
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	12,141	12,385
Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite	2.7	406	(85)
Iomlán na ndlíteanas reatha		17,682	16,687
Glansócmhainní reatha		9,862	12,098
Glansócmhainní		94,376	87,846
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.1	94,376	87,846

Rinneadh athrangú ar roinnt iarmhéideanna ó 2017 chun comparáid a dhéanamh.

2.1 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2018 €000	2017 €000
Iarmhéid an 1 Eanáir		87,846	84,757
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	356,879	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(3,701)	
Vóta glan		353,178	339,721
Caiteachas (in airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1	118,916	109,918
Caiteachas neamhairgid tirim – cíós barúlach	1	11,431	9,936
Nithe neamhairgid thirim eile – feithiclí a urghabhadh		15	574
Glanchostas cláir	1	(477,010)	(457,060)
Iarmhéid an 31 Nollaig		94,376	87,846

2.2 Sócmhainní caipitiúla

	Feithiclí agus trealamh €000	Trealamh oifige/TF €000	Troscán agus feistis €000	Sócmhainní caipitiúla á bhforbairt €000	Iomlán €000
Sócmhainní comhlána					
Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2018	17,186	440,645	61,142	2,790	521,763
Breiseanna	1,450	4,736	2,747	17,596	26,529
Feithiclí gafa a leithreasaíodh chuig na Coimisinéirí Ioncaim	15	—	—	—	15
Sócmhainní faoi fhorbairt caipitithe	—	12,652	—	(12,652)	—
Diúscairtí	(598)	(27,424)	(114)	—	(28,136)
Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2018	18,053	430,609	63,775	7,734	520,171
Dímheas carnach					
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2018	12,130	380,801	53,084	—	446,015
Dímheas don bhliain	1,600	14,524	1,620	—	17,744
Dímheas ar dhiúscairtí	(598)	(27,400)	(104)	—	(28,102)
Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2018	13,132	367,925	54,600	—	435,657
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2018	4,921	62,684	9,175	7,734	84,514
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2017	5,056	59,844	8,058	2,790	75,748

2.3 Banc agus airgead tirim

an 31 Nollaig	2018 €000	2017 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta	9,037	9,685
Iarmhéid cuntais bainc tráchtála	—	2
	9,037	9,687

2.4 Stoic

an 31 Nollaig	2018 €000	2017 €000
Stáiseanóireacht agus stóir bheaga	870	975
Trealamh/éadaí/ilghnéitheach	347	384
Ábhar inchaite TF	4	11
	1,221	1,370

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

an 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí i leith foirgnimh chomhroinnte	192	215
Óinchestí taistil	4	18
Caiteachas in-aisghabhála taistil	28	18
Réamhíocaíochtaí d'Oifig na nOibreacha Poiblí d'oibreacha tógála, srl.	1,105	1,689
Vóta 10, An Coimisiún um Achomhairc Chánach	99	340
Tuarastail in-aisghabhála	34	86
Caiteachas in-aisghabhála na scéime pas taistil	825	162
Míreanna dochair eile ar fionraí	1,223	85
	3,510	2,613

Rinneadh athrangú ar roinnt iarmhéideanna ó 2017 chun comparáid a dhéanamh.

2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

an 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	3,194	3,078
An Muirear Sóisialach Uilíoch	709	740
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	1,959	1,794
Cáin Iarchoimeáda ar Sheirbhísí Gairmiúla	1,478	1,801
Cáin Bhreisluacha	237	429
Ranníocaíochtaí pinsin	831	799
Cáin Maoine Áitiúil	46	47
Fáltais bhreise an Státchiste	441	424
	8,895	9,112
Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí	2,956	3,019
Caiteachas in-aisghabhála roimh ré	166	156
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	124	98
	12,141	12,385

Rinneadh athrangú ar roinnt iarmhéideanna ó 2017 chun comparáid a dhéanamh

2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

an 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	3,701	3,420
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(3,295)	(3,505)
Glanmhaoiniú Státchiste dlite	406	(85)
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	9,037	9,687
Iarmhéideanna dochair eile	3,510	2,613
	12,547	12,300
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(8,895)	(9,112)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	(3,246)	(3,273)
	(12,141)	(12,385)
	406	(85)

Rinneadh athrangú ar roinnt iarmhéideanna ó 2017 chun comparáid a dhéanamh.

2.8 Ceangaltais

an 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí ^a	12,928	2,351

Tabhair do d'aire ^a Tar éis próiseas tairisceana de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais, chuir na Coimisinéirí Ioncaim i bhfeidhm, le héifeacht ón 31 Nollaig 2018, conradh nua slándála ceithre bliana chun go dtabharfaí le chéile gach conradh réigiúnach/áitiúil le soláthraithe iomadúla isteach in aon chonradh náisiúnta amháin le soláthraí amháin. Is é €8.284 milliún gealltanais na gCoimisinéirí Ioncaim faoin conradh seo.

2.9 Dlíteanais theagmhasacha

Tá dlíteanais theagmhasacha mheasta de €2.937 milliún ag na Coimisinéirí Ioncaim (2017: €1.509 milliún) i leith costais dlí agus cúitimh.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

		2018		2017
		Soláthar meastac háin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	307,900	302,969	293,808
ii	Taisteal agus cothú	4,500	5,227	4,670
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais eile ó lá go lá	24,300	23,109	20,943
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	10,400	11,295	11,198
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	56,950	59,349	56,855
vi	Costais áitribh oifige	7,000	7,561	7,954
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	50	63	47
viii	Cothabháil mótarfheithiclí agus trealaimh	3,000	3,498	3,807
ix	Muirir dlí	10,900	11,010	11,250
x	Cúiteamh agus cailleanais	500	708	342
		425,500	424,789	410,874

Athrúcháin shuntasacha

Tá an caiteachas clár uile aicmithe mar chaiteachas riaracháin. Cuireann an méid seo a leanas in iúl na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

x *Cúiteamh agus Cailleanais*

Soláthar meastacháin: €500,000, toradh: €708,000

Tá an méadú de €208,000 ar chaiteachas ar chúiteamh agus cailleanais mar thoradh ar chás mór amháin. Féadann Cúiteamh agus Cailleanais a bheith deacair a mheas mar gheall ar nádúr mírialta agus fada an phróisis íocaíochtaí. Féach Nóta 6.3.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasuithe i gcabhair

	2018		2017
	Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1 Fáltais as seirbhísí a bhaineann leis an Scéim Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa	37,437	37,437	37,437
2 Fíneálacha, forghéillte nó costais dlí a aisghabhadh	3,250	3,011	2,895
3 Uimhreacha cumhdaithe	163	165	198
4 Fáltais maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil	400	397	397
5 Sciar an chostais bailithe ÚSNIS (Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe)	15,600	17,264	17,885
6 Míreanna Ilghnéitheacha	2,000	2,908	2,441
7 Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar fháltais seirbhíse poiblí maidir le foireann státseirbhíse	9,771	10,429	9,900
	68,621	71,611	71,153

Athrúcháin shuntasacha

Ina iomláine, bhí leithreasuithe i gcabhair €2.99 milliún níos mó ná mar a bhí an meastachán. Tá na míniúcháin ar na hathrúcháin leagtha amach thíos

2 Fíneálacha, forghéillte nó costais dlí a aisghabhadh

Soláthar meastacháin: €3.25 milliún, toradh: €3.011 milliún

Bhí an t-easnamh €239,000 ann mar gheall ar nádúr fada an phróisis íocaíochtaí, rud atá deacair a thuar. Tá éifeacht leanúnach na socraíochta tráthíocaíochtaí ag déanamh a bhealach tríd an bpróiseas bailiúcháin go fóill.

5 Sciar an chostais bailithe ÚSNIS (Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe)

Soláthar meastacháin: €15.6 milliún, toradh: €17.264 milliún

Ligeann imréiteach láraithe (ar a dtugtar Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe (ÚSNIS) faoi láthair) le hoibreoírí eacnamaíochta chun earraí a dhearbhu i mBallstát amháin nuair atá na hearraí á n-iompórtáil go fisiciúil nó á n-easpórtáil i mBallstát éagsúla eile. Bhí an méadú €1.664 milliún ann mar gheall méadú ar ghníomhaíocht i mballstáit eile, rud atá deacair a thuar. Tógtar cur chuige coimeádach nuair atá an meastachán á ullmhú.

6 Míreanna ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin: €2 milliún, toradh: €2.908 milliún

Baineann na fáltais seo le suimeanna a gearradh ar an Vóta sna blianta roimhe seo a forchúitíodh ina dhiaidh sin. Baineann formhór dóibh le cásanna leachtaithe ina ndéantar suimeanna a forchúitíthigh tar éis eisíocaíocht ag an leachtaitheoir, rud a fhéadann roinnt blianta a thógáil chun é a chur i gcrích.

7 Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar fháltais seirbhíse poiblí maidir le foireann státseirbhíse

Soláthar meastacháin: €9.771 milliún, toradh: €10.429 milliún

Tá an méadú €658,000 mar gheall ar an méadú i líon na mball foirne.

4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

	2018	2017
	€000	€000
Iarmhéid an 1 Eanáir	424	—
Airgead tirim a forghéilleadh faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994	751	862
Fáltais ó sciar na hÉireann de na híocaíochtaí bliantúla faoi chomhaontú idirnáisiúnta frith-ghóchumtha/frith-chontrabhanna le déantúsóirí domhanda toitíní	769	750
Socraíocht dlíthíochta cáis an Choimisiúin AE (arna chomhordú ag OLAF)	316	—
Aistrithe chuig an Státchiste	(1,819)	(1,188)
Iarmhéid an 31 Nollaig	441	424

Fuarthas an t-iarmhéid ag deireadh 2018 agus íocadh an suim sin go dtí an Státchiste go luath i 2019.

Nóta 5 Soláthar foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

	2018	2017
Líon foirne ag deireadh na bliana	6,250	6,113

Ag deireadh 2018, áirítear ar an líon foirne 140 oifigeach cléireachais sealadach, agus bhí an formhór díobh gafa le riar na Cánach Maoine Áitiúla agus an Nua-Aoisíú ÍMAT.

5.2 Pá

	2018	2017
	€000	€000
Pá	278,763	271,404
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	4,274	4,087
Ragobair	2,613	2,490
ÁSPC Fostóra	17,319	15,827
Pá iomlán	302,969	293,808

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2018	2017
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	140	19	19,568	21,304
Ragobair agus tinreamh breise	1,830	129	23,390	17,085
Liúntais le haghaidh sealobair agus obair uainchláir	217	27	26,489	23,413
Míreanna Ilghnéitheacha	226	3	18,857	28,385
Luach saothair bhreise i mbreis agus catagóir amháin	342	106	29,737	25,478

5.4 Dámhachtainí feidhmíochta

Caitheadh €98,000 san iomlán ar Scéimeanna Aitheantais Foirne. Rinneadh 1,782 dámhachtain ar leithligh, ó €12 go €400.

5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Bhí costas gan aisghabháil de €527,000 ar fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim a bhí ar iasacht chuig ranna/gníomhaireachtaí eile (2017: €295,000).

Íocadh €3,960 in iomlán le ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim i 2018 mar chúiteamh i leith caillteanas ioncaim de réir mholadh Uimhir 19995 de chuid na Cúirte Oibreachais.

D'íoc na Coimisinéirí Ioncaim €57,000 in iomlán i 2018 le 30 státseirbhíseach scortha i ndáil le táillí Bord Agallaimh, idirghabhálacha oiliúna agus costais finnítithe. Rinneadh na híocaíochtaí de réir rátaí cuí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba é €1.809 milliún suim na ró-íocaíochtaí a tháifead an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ag deireadh na bliana i leith 889 duine aonair (2017: €1.691 milliún le 797 duine aonair). Díobh seo, bhí pleananna aisghabhála i gceist le €808,000 i leith 436 daoine aonair (2017: €731,000 le 353 duine aonair).

Aistríodh 30 plean aisghabhála ró-íocaíochta i ndáil le 22 duine aonair, ar luach €10,692, chuig 12 roinn éagsúla le linn na bliana.

5.7 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní raibh aon chaiteachas ag na Coimisinéirí Ioncaim i 2018 i ndáil le scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta.

Nóta 6 Míreanna Ilghnéitheacha

6.1 Díscríobhuithe

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas le linn na bliana:

	2018	2017
	€000	€000
Stoc as feidhm	37	31

6.2 Muirir dlí (fo-cheannteidil A (ix))

	2018	2017
	€000	€000
Rangaítear costais dlí a íocadh le linn na bliana mar seo a leanas:		
Dlíodóirí seachtracha	4,245	4,713
Táillí abhcóide	2,673	2,406
Táillí agus costais eile:		
Costais féimheachta/leachtaithe	3,326	2,877
Táillí cúirte	94	10
Costais agus cúitimh ilghnéitheacha	672	1,244
	11,010	11,250

6.3 Cúiteamh agus costais dlí

				2018	2017
	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Oifig	Costais dlí bronnta	Cúiteamh bronnta	lomlán
		€000	€000	€000	€000
Éilimh ó fhostaithe na hOifige					
Caingean dlí a ghlac baill foirne lena n-áirítear éilimh a rinneadh tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	11	62	123	233	418
Costais ilghnéitheacha a d'eascair as teagmhais a bhain leis an obair	12	—	—	5	5
Éilimh ón bpobal	25	33	166	86	285
		95	289	324	708
					342

6.4 Costais idir-réitigh agus eadrána

Bhí caiteachas €9,047 ag na Coimisinéirí Ioncaim i 2018 i ndáil le costais eadrána (2017: €0). Baineann sé seo le cás amháin. Áirítear costais dlí agus costais ghaolmhara agus CBL san áireamh sna figiúirí.

6.5 Míleithreasú

I rith 2018, bhí trí chás de mhíleithreasú cánach ag fostaithe na gCoimisinéirí Ioncaim. Meastar gurb é an tsuim iomlán atá i gceist ná €45,600.

Rinneadh imscrúdú ar na cásanna seo. De réir ghnáthnósanna imeachta na gCoimisinéirí Ioncaim, sa chás go bhfuil imscrúduithe críochnaithe, agus go bhfuair bunús le mí-leithreasú as na himscrúduithe sin, tabharfar na sonraí chuí don Gharda Síochána.

Mar chuid de na rialuithe inmheánacha, déanann na Coimisinéirí Ioncaim monatóireacht ar úsáid inmheánach na gcóras cánach chun aon úsáid mhícheart a aithint. Déanann na Coimisinéirí Ioncaim anailís i ngach cás de chalois inmheánach agus forbraíonn siad a gcuid rialuithe bunaithe ar chóras chun patrúin ghníomhaíochta den chineál seo a aithint níos fearr agus dá réir sin feabhas a chur ar a maoirsiú bainistíochta.

6.6 Maoiniú AE

Faoi chomhaontú deontais leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal deontais suas le €515,000 nó 80% den chostas incháilithe chun veain cúlscaiptheora soghluaiste scanóra x-ghathach atá in úsáid ag Custaim a cheannach chun trucaíl agus coimeádáin a scanadh. Ceannaíodh an scanóir i 2018 agus tá sé san áireamh i sócmhainní Caipitiúla faoi fheithiclí agus trealamh. Fuarthas an chéad tráthíocaíocht €257,500 i 2018 agus tá sé san áireamh i gcatagóir 6 'Ilghnéitheach' i Leithreasuithe i gCabhair. Táthar ag súil leis go bhfaighfear an dara tráthíocaíocht i 2019.

Aguisín A Cuntais faoi choimirce Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá liosta sa tábla seo de chuntais eile faoi choimirce na hOifige ina bhfuil dualgas ar an Oifig ráitis airgeadais a chur ar fáil. Léiríonn sé, amhail ag deireadh mhí an Mhárta 2019, an tréimhse lena mbaineann na ráitis dheireanacha iniúchta airgeadais agus an tréimhse inar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Ainm an Chuntais	Dáta na tréimhse cuntasáíochta deiridh	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	Dáta curtha faoi bhráid an Oireachtais
Cuntas ar fháltas ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim	31 Nollaig 2017	20 Aibreán 2018	25 Aibreán 2018